


CEARTA AGUS RIACHTANAIS OIDEACHAIS LEANAÍ AGUS ÓGÁNAIGH A BHFUIL TINNEAS ORTHU

1. Tá sé mar cheart ag gach leanbh agus ag gach ógánach a bhfuil tinneas orthu oideachas a fháil. Tá an ceart céanna acu agus cóir leighis á chur orthu agus iad i dtíortha thar lear.
2. Ba cheart é a bheith mar sprioc go caithfí leis an leanbh nó leis an ógánach mar dhalta agus oideachas á chur ar fáil dóibh agus iad tinn.
3. Ba cheart don scoil san ospidéal pobal de leanaí agus d'ógánaigh a chruthú. Ní mór gach iarracht a dhéanamh gnáthchuma a chur ar an saol acu. Is féidir an soláthar oideachais a chur ar fáil do ghrúpaí nó do dhaoine aonair. Is féidir é a chur ar fáil cois leapa freisin.
4. I gcomhpháirt leis an scoil sa bhaile ba cheart an soláthar oideachais san ospidéal agus sa bhaile a chur in oiriúint do na riachtanais ar leith atá ag an leanbh nó ag an ógánach.
5. Agus an láthair agus na háiseanna á gcur ar fáil ní mór na riachtanais agus an cumas atá ag leanaí agus ag ógánaigh a bhfuil tinneas orthu a chur san áireamh. Ar maithe leis an uaigneas a sheachaint ba cheart lánleas a bhaint as teicneolaíocht ar bith a chuireann leis an gcumarsáid.
6. Ba cheart réimse leathan de mhodhanna múinte agus d'áiseanna oideachais a úsáid. De bhreis ar an ngnáthchuraclam foirmiúil ní mór ábhar a chur ar fáil a thagraíonn do na riachtanais ar leith a chruthaítear mar thoradh ar bheith san ospidéal nó ar bheith buailte tinn.
7. Ba cheart don na múinteoirí san ospidéal agus sa bhaile a bheith láncháilithe. Ní mór breisoideachais leanúnach a chur ar fáil dóibh freisin.
8. Is iad na múinteoirí an nasc idir an leanbh nó an t-ógánach atá san ospidéal agus an scoil sa bhaile acu. Is dlúthchuid iad na múinteoirí den fhoireann ildisciplíneach.
9. Ba cheart tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis na cearta chun scolaíochta atá ag an leanbh nó ag an ógánach. Ní mór an clár oideachais a bhaineann leis an leanbh nó leis an ógánach a shonrú. Aithneofar na tuismiththeoirí mar chomhpháirtithe gníomhacha a bhfuil freagrachtaí ar leith acu.
10. Léireofar meas ar na tuairmí daingne atá ag an leanbh nó ag an ógánach. Léireofar meas freisin ar na cearta chun rúndachta a bhaineann le cúrsaí pearsanta leighis.

**HOPE a d'eisigh an chairt thuas:
Ghlacadh léi ag comhthionól ginearálta HOPE,
Barcelona – 20 Bealtaine 2000**

Rinneadh an leasú a fhaomhadh ag comhthionól
ginearálta HOPE, Vín – 13 Bealtaine 2016

(Irish version of the Charter of HOPE)



www.hospitalteachers.eu